Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 20 Eanáir 2023**
**(OR. en)**

**5373/23**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0325(NLE)**

**PECHE 15**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Rialachán ón gComhairle lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc áirithe sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh<br>- Glacadh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite, atá bunaithe ar Airteagal 43(3) CFAE, faoi bhráid na Comhairle an 14 Deireadh Fómhair 2022[1]. Is é is aidhm don togra deiseanna iascaireachta a shocrú le haghaidh 2023 i gcomhréir leis an bplean ilbhliantúil do stoic ghrinnill sa Mheánmhuir Thiar agus leis na moltaí ón gCoimisiún Ginearálta Iascaigh don Mheánmhuir (CGIM). Thug an Coimisiún an togra cothrom le dáta i bpáipéar leathoifigiúil a thíolaic sé an 23 Samhain 2022[2].

2. Scrúdaigh an Mheitheal um an mBeartas Iascaigh an togra ag an gcruinniú a bhí aici an 20 Deireadh Fómhair 2022 agus an páipéar leathoifigiúil ag an gcruinniú a bhí aici an 24 Samhain 2022.

3. An 7 Nollaig 2022, d'ullmhaigh Coiste na mBuanionadaithe an mhír trí aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhí fós gan réiteach d'fhonn teacht ar chomhaontú polaitiúil sa Chomhairle.

4. Tháinig an Chomhairle Talmhaíochta agus Iascaigh ar chomhaontú polaitiúil[3] ag an seisiún a bhí aici an 11 go dtí an 12 Nollaig 2022. Tá bailchríoch curtha ar an téacs ó shin ag na saineolaithe dlí agus teanga.

[1] 13592/22 + ADD 1
[2] 14899/22
[3] 15752/1/22 REV 1

5. I bhfianaise an mhéid thuas, moltar don Choiste na mBuanionadaithe a iarraidh ar an gComhairle Rialachán ón gComhairle a ghlacadh, ag ceann de na cruinnithe a bheidh aici amach anseo, lena socraítear le haghaidh 2023 na deiseanna iascaireachta le haghaidh stoic éisc áirithe agus grúpaí stoc éisc sa Mheánmhuir agus sa Mhuir Dhubh, mar a chuir na saineolaithe dlí agus teanga bailchríoch air in 16125/22 agus an ráiteas nó na ráitis mar a leagtar amach san aguisín a ghabhann leis an nóta seo iad a thabhairt dá aire.